An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí



# EMSA STRAITÉIS CÚIG BLIANA 2020-2024

# STRAITÉIS CÚIG BLIANA EMSA

EMSA

# CLÁR ÁBHAR


**Brollach ón stiúrthóir feidhmiúcháin** 4

**Ráiteas ó Chathaoirleach an Bhoird Riaracháin** 5



## CAIBIDIL 1

**CÚLRA** 6

1.1 Forbhreathnú ar an straitéis cúig bliana 7

1.2 Sainordú emsa 8

1.3 An comhthéacs institiúide agus an creat beartais 9

1.4 An Mhodheolaíocht chun an Straitéis Cúig Bliana a fhorbairt 12

1.5 Cur chun feidhme agus táscairí 13

1.6 Braisle mhuirí an AE 14



## CAIBIDIL 2

**FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA** 20

## CAIBIDIL 3

**TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EMSA** 22

3.1 Inbhuanaitheacht 23

3.2 Sábháilteacht 26

3.3 Slándáil 30

3.4 Simpliú 32

3.5 Faireachas 34



## CAIBIDIL 4

**CUR CHUIGE AGUS FÉINIÚLACHT EMSA** 38

4.1 Róil agus gaoil san earnáil 39

4.2 Féiniúlacht eagraíochta 47



## BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

Is tráthúil go maith Straitéis Cúig Bliana EMSA agus buaicphointe sroichte againn a mbeidh tionchar nach beag aige ar a bhfuil i ndán don mhuiriompar agus ar mbeatha na ngníomhaithe lena mbaineann.

Tá an timpeallacht ar an chloch is mó ar phaidrín saoránaigh i ngach cearn den domhan agus i ngach earnáil. Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn ár n-iarrachtaí san earnáil mhuirí a ghéarú, a éagsúlú agus a chomhtháthú, ní hamháin chun truailliú a chosc agus freagairt dó, ach freisin chun cuidiú le cruthú earnáil mhuirí a mbeidh inbhuanaithe i ndáiríre agus a mbeidh in ann a chion féin a dhéanamh ar son an gheilleagair chiorclaigh agus d'uaillmhian AE go mbeidh muid neodrach ó thaobh na haeráide de.

Is é an teicneolaíocht an ghné mhór eile a fhágann go bhfuil ár n-earnáil ag athrú o bhonn. Tá tionchar forleathan ag an digitiú freisin. Is ann do dheiseanna le cinntiú go mbeidh tionscal na loingseoireachta níos glaine, níos sábháilte, níos simplí agus níos sláine ach na deiseanna sin a thapú mar is ceart, mar shampla, trí leas a bhaint as acmhainn na huathoibrithe nó na hintleachta saorga. Gabhann dúshláin slándála agus sábháilteachta leis na deiseanna sin, áfach, ar dúshláin iad nach mór dul i ngleic leo, an chibearshlándáil ach go háirithe.

An t-eolas an t-arm is fearr atá againn agus muid ag bogadh ar aghaidh.  Ní leor sonraí a bhailiú. Caithfear uirlisí agus seirbhísí glice a dhéanamh díobh.  Ní mór tús áite a thabhairt do chomhroinnt faisnéise chun tacú leis an gcomhar uileghabhálach agus éifeachtúil.  Beidh forbairt acmhainní fós ina cuid riachtanach de thimthriall dearfach i dtaca le cleachtais, treoir agus caighdeáin san AE agus níos faide ó bhaile.

Tá lúcháir orm an fhís seo a chur os bhur gcomhair, ar fís í a chuireann leis an sár-thaithí agus leis an saineolas maidir le sábháilteacht mhuirí a fuarthas in achar cúig mbliana déag agus lena dtugtar aitheantas don saol ina mairimid atá ag athrú go tapa. Creidim go gcuirtear an Ghníomhaireacht ar an mbóthar ceart do na 5 bliana seo chugainn léi chun go mbeidh EMSA in ann cuidiú leis an earnáil mhuirí agus an tsúil aniar a thabhairt di.

Buíochas ó chroí le gach duine a chuir de dhua orthu féin páirt a ghlacadh sa phróiseas seo chun an straitéis a chur le chéile. Tá mé faoi chomaoin leis ag cathaoirleach agus baill an Bhoird Riaracháin a chuir a gcomhairlí i gceann a chéile i mí an Mhárta 2019 agus ag ár bhfoireann a rinne an malartú idirghníomhach sin a éascú.

**Maja Markovčić Kostelac**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin



## RÁITEAS Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD RIARACHÁIN

Is mór agam straitéis nua cúig bliana EMSA a sheoladh ar straitéis í a forbraíodh faoi stiúir an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, Maja Markovčić Kostelac Uasal. Léiriú ar phróiseas sách cuimsitheach é ullmhú na straitéise ina raibh baill uile an Bhoird Riaracháin agus foireann cumasach EMSA curtha san áireamh.

Tagann an straitéis nua ar an bhfód anois agus dúshláin agus deiseanna nach raibh a leithéid ann riamh roimh an earnáil mhuirí san AE agus ar fud an domhain. Beidh ar an earnáil dul i ngleic leis na ceisteanna achrannacha seo a leanas sna blianta atá romhainn: truailliú nialasach, dícharbónú, inbhuanaitheacht, digitiú, malartú sonraí, an tsábháilteacht agus an tslándáil, comhlíonadh agus forghníomhú éifeachtach. Ag tráth mar seo, is fíorthábhachtach éascaitheoir láidir maidir le heolas a bheith ann chun déileáil go héifeachtach leis na dúshláin agus iad a shárú. Leis an straitéis seo, glacann EMSA lena ról seo mar éascaitheoir ar mhaithe leis an gCoimisiún agus leis na mBallstáit.


Leis na cúig thosaíocht sa straitéis - Inbhuanaitheacht, Sábháilteacht, Slándáil, Simpliú agus Faireachas - féachann EMSA le bheith ina eiseamláir i réimse muirí AE agus chun a chuspóir a bhaint amach, is é sin chun leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú agus chun freagairt den leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola.

Foireann agus bainistíocht an-díograiseach agus sár-chumasach EMSA atá i bhfeighil na straitéise agus ní baol di. In éindí leis an mBord Riaracháin go léir tá mé ag súil lena dea-chur chun feidhme.

**Andreas Nordseth**
Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin

CAIBIDIL 1

# CÚLRA



## 1.1 FORBHREATHNÚ AR AN STRAITÉIS CÚIG BLIANA




### Bainistiú nua-aoiseach eagraíochta

atá éifeachtúil, dírithe ar gheallsealbhóirí, cliste, trédhearcach agus inscne-chothrom

### Céad bhlaiseadh ar chúig thosaíocht straitéiseacha EMSA

#### INBHUANAITHEACHT

Rannchuidiú leis an gClár Glas Eorpach don iompar muirí tríd an cumas AE a neartú chun an mhuirthimpeallacht a chosaint, athrú aeráide a bhainistiú agus freagairt ar dhúshláin nua chomhshaoil.

#### SÁBHÁILTEACHT

Rannchuidiú le caighdeáin sábháilteachta muirí is airde, dúshláin agus feithimh nua sábháilteachta muirí a réamh-mheas agus réitigh a mbeidh bunaithe ar eolas a chur ar fáil d'fhonn rannchuidiú le laghdú ar thaismigh mhuirí agus ar chailleadh daoine.

#### SLÁNDÁIL

An tsliándáil mhuirí san Eoraip a neartú agus ar fud an domhain nuair is le leas na hEorpa é sin.

#### SIMPLIÚ

Simpliú loingseoireacht AE a éascú trí thacú le réitigh dhigiteacha muirí ar fud an Aontais.

#### FAIREACHAS

Cur le ról EMSA mar an mol um fhaisnéis bhunúsach a bhainistiú don fhaireachas muirí.

## 1.2 SAINORDÚ EMSA

Is é Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí an bunús dlí lena ndéantar cuspóirí agus cúraimí EMSA a shainiú mar aon leis an gcreat le haghaidh fhorbairt na straitéise nua Cúig Bliana.

Rinneadh an Rialachán bunaidh seo a leasú roinnt uaireanta. Is é an tionchar is mó a bhí ag leasú na bliana 2013 ná leathnú geografach ar thascanna faireacháin, ar thascanna freagartha, ar thascanna comhair agus ar thascanna cúnaimh go grúpaí éagsúla de thríú tíortha; leathnú ar thascanna a bhaineann le freagairt ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola; leathnú ar an bhféidearthacht leas a bhaint as saineolas agus uirlisí aitheanta na Gníomhaireachta le haghaidh tascanna coimhdeacha lena n-áirítear tacú le spás Eorpach muiriompair gan Bhacainní a bhunú, agus ar an dóigh sin sochair a leathnú go réimsí gaolmhara beartas.

Maidir leis an leasú is deireanaí ar an Rialachán seo (Rialachán (AE) Uimh. 2016/1625 an 14 Meán Fómhair 2016) a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2016, féachann sé le comhar Eorpach a fhorbairt maidir le feidhmeanna garda cósta trí chineálacha comhair idir EMSA, Frontex (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta) agus EFCA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach) a fhorbairt a thuilleadh chun na sineirgí idir na gníomhaireachtaí sin a fheabhsú d'fhonn seirbhísí ilchuspóireacha a mbeidh níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta atá i mbun feidhmeanna garda cósta.

### Tríd is tríd, is iad gníomhaíochtaí leanúnacha na Gníomhaireachta faoin sainordú atá ann faoi láthair ná:

- Soláthar cúnaimh theicniúil agus eolaíoch do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le dea-fhorbairt agus cur chun feidhme reachtaíocht AE i dtaca leis an tsábháilteacht mhuirí, le truailliú ó longa a chosc agus le simpliú an mhuiriompair ó thaobh chúrsaí riaracháin de;
- faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht AE trí chuairteanna agus trí chigireachtaí;
- aghaidh a thabhairt ar ghné an duine sa tsábháilteacht mhuirí;
- cur chun cinn an chomhair le Ballstáit agus idir na Ballstáit sin;
- forbairt acmhainn na n-údarás inniúil náisiúnta;
- soláthar na tacaíochta oibríochtúla lena n-áirítear seirbhísí muirí comhtháite i ndáil le longa, le faireachán ar longa agus le comhlíonadh a fhorbairt, a bhainistiú agus a chothabháil;
- cur i gcrích chúraimí a bhaineann le hullmhacht i gcomhair oibríochtaí, le braith agus le freagairt i ndáil le truailliú ó longa agus truailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola;
- tacú leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as feidhmeanna garda cósta, as an tsábháilteacht, as chosaint an chomhshaoil, as forfheidhmiú an dlí agus as an rialú teorann muirí agus an rialú iascach.

## 1.3 AN COMHTHÉACS INSTITIÚIDE AGUS AN CREAT BEARTAIS

Tá ról tábhachtach ag EMSA i gcur chun feidhme thosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh. Léiríonn timpeallacht oibre na Gníomhaireachta na tionscnaimh arna seoladh ag an AE i ngach réimse beartais a bhaineann leis an muir chun iomaíochas, fás inbhuanaithe agus geilleagar gorm na hEorpa a neartú agus chun rannchuidiú le clár oibre AE maidir leis an tslándáil agus lena cháil idirnáisiúnta.

**Comhaontú Glas don Eoraip: a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach agus an uaillmhian againn an domhan a bheith saor ó thruailliú**

Maidir le bearta líonmhara na Gníomhaireachta chun truailliú ó longa a chosc agus chun freagairt dó agus do thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola, tacaítear leo le sraith mhara maidir le hiompar a dhícharbónú agus rannchuidítear leo freisin le muirthruailliú agus truailliú aeir is athrú aeráide ó thaobh na mara de a chosc agus a mhaolú. Tá an obair seo ar fad ag teacht le príomhchuspóir an Choimisiúin geilleagar athléimneach, glan, ciorclach atá ullamh don todhchaí a chur chun cinn, spriocanna níos uaillmhianaí i ndáil le laghduithe ar astaíochtaí a leagan amach don bhliain 2030 agus astaíochtaí nialasacha fós mar cheann scríbe, agus timpeallacht nádúrtha na hEorpa a choimirciú.

**Geilleagar a fhóireann do dhaoine: cothroime sóisialta agus rathúnais a fhorbairt**

Is suntasach ach go háirithe rannchuidiú na Gníomhaireachta leis an iomaíochas agus leis an bhfás. Ós rud é gurb ionann geall le 90% de thrádáil lastais AE a iompraítear ar muir is de loingseoireacht ghearrthurais agus 40% de mhalartuithe laistigh den AE, tá tábhacht faoi leith ag baint leis na tionscail mhuirí mar fhoinse fostaíochta agus mar fhoinse ioncaim do gheilleagar na hEorpa. Trí thacú le dea-chreat iomaíoch don loingseoireacht ardcháilíochta, d'oibreoirí ardcháilíochta agus do phoist ardcháilíochta a chur chun feidhme rannchuidíonn an Ghníomhaireacht leis an dara chuspóir atá ag an gCoimisiún, sé sin cruthúgeilleagar rathúil agus cothrom.

**An Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach: deiseanna teicneolaíochta san aois dhigiteach a thapú laistigh de theorainneacha na heitice agus na sábháilteachta**

Trí laghdú a dhéanamh ar an ualach maidir le ceanglais tuairiscithe agus maidir le ceanglais riaracháin agus éifeachtúlacht maidir le ceanglais tuairiscithe agus maidir le ceanglais riaracháin a mhéadú rannchuidíonn iarrachtaí de chuid EMSA chun tacú le loingseoireacht AE a shimpliú Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhunú. Ar an dóigh sin, rannchuidíonn EMSA le cur chun feidhme an mhargaidh aonair san earnáil mhuirí le réitigh dhigiteacha.

Thairis sin, cuireann EMSA raon leathan uirlisí digiteacha ar fáil chun tacú le bratfhreagrachtaí, freagrachtaí calafoirt agus freagrachtaí stát cósta na mBallstát.

Tá obair leanúnach na Gníomhaireachta i dtreo comhtháthú breise sonraí agus próiseáil chliste ar fhaisnéis ag teacht leis an aird ghéar arna tabhairt do ghlúin nua teicneolaíochtaí lena n-áirítear intleacht shaorga agus an méid a d'fhéadfadh siad cuidiú le réitigh ar an iomad dúshláin a fháil.  Mar an gcéanna, tá an Ghníomhaireacht tar éis cur lena cumas digiteach agus leis an tslándáil chun a bheith réidh nuair is ann do chaighdeáin ('an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha' atá le teacht) agus nuair a bheidh páirtithe leasmhara sásta tiontú 'ó bhonn riachtanais eolais' go bonn 'bíonn a chuid agus a chomhroinn ag gach duine'.

**Ár modh maireachtála Eorpach a chur chun cinn: ár saoránaigh agus ár luachanna a chosaint**

Faoin gcomhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta cuireadh de chúram ar EMSA go sainráite comhar idirghníomhaireachta a fheabhsú agus tacú le hoibríochtaí ilchuspóireacha i gcomhthéacs na freagartha ar an ngéarchéim imirce agus shlándála. Go deimhin, tacaíonn cumas faireacháin EMSA le réimse feidhmeanna san earnáil mhuirí agus tá siad tar éis rannchuidiú cheana féin le cosaint an chabhlaigh AE ar gníomhaíochtaí neamhdhleathacha amhail an phíoráideacht agus an robáil armtha. Anuas ar thacaíocht mhéadaithe don Choimisiún maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fhíorú, tá an Ghníomhaireacht de shior ag déanamh breis iarrachtaí dlús a chur leis an gcomhar sa tslándáil faoi cheathrú chuspóir an Choimisiúin.

**An Eoraip níos láidre sa domhan: an cheannaireacht fhreagrach atá againn sa domhan a threisiú**

Maidir leis an gcúnamh theicniúil arna sholáthar do thíortha aontachais agus do thíortha comharsanacha faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus maidir leis na sásraí faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa (ENP), tacaítear leo le comhfhogasú chaighdeáin AE agus cumhdaítear gach réimse d'obair na Gníomhaireachta leo. Anuas ar an gcúnamh arna thabairt do thríú tíortha i gcomhthéacs an Rialaithe Stáit ar Chalafoirt agus don Choimisiún chun tacú leis na nithe seo a leanas: an comhar réigiúnach ar leibhéal an imchuach, Coinbhinsiúin IMO a dhaingniú, agus idirchaidreamh a bheith ann le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta lena n-áirítear na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha ar a bhfuil an cúram an mhuirthimpeallacht agus an timpeallacht cósta a chosaint, rannchuidítear leis an obair sin le próifíl AE san earnáil dhomhanda mhuirí a ardú agus chun cúigiú cuspóir an Choimisiúin a bhaint amach, is é sinan Eoraip neartaithe sa domhan.

Leannan EMSA de bheith ina dlúthchuid de chúram an Choimisiúin maidir le cúrsaí iompair. Tá EMSA in áit mhaith chun tacú leis an sraith mhara den **mhisean iompair** nua, lena léirítear, ar lámh amháin, an ról atá ag an iompar maidir lesaorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus earraí, agus, ar an lámh eile, an fhreagracht atá ar an earnáil iompairan t-aistriú digiteach agus an t-aistriú aeráide araon a chur chun tairbhe agus comhoibriú le chéile i dtreo soghluaisteacht chliste inbhuanaithe. Rannchuidíonn gníomhachtaí na Gníomhaireachta maidir le hinbhuainteacht agus maidir le simpliú go díreach leis na spreagaí sin.

Ina theannta sin, is príomh-thosaíocht fós na caighdeáin sábháilteachta muirí is airde don mhisean iompair agus aghaidh á tabhairt ar thrácht atá ag méadúagus ar bhagairtí slándála ar mó a chastacht. Rannchuidítear go díreach le hobair sheanbhunaithe na Gníomhaireachta leis an tosaíocht sin: chun cuidiú, faoi cheannteideal na sábháilteachta, le reachtaíocht maidir le sábháilteacht muirí agus caighdeáin sábháilteacht muirí a chur chun feidhme, dul i ngleic le gné an duine sa loingseoireacht agus acmhainn a fhorbairt; tacú, faoi cheannteideal na slándála, le slándáil long agus chalafoirt a fheabhsú ach rannchuidiú freisin le gníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla nó neamhdhleathacha a chosc agus, faoi cheannteideal an fhaireachais, faireachán oibríochtúil ar mhuirthrácht agus seirbhísí faireachais a chur ar fáil chun tacú leis an gcur chun feidhme agus leis an bhforghníomhú.

Rannchuidíonn an obair a dhéanann EMSA le roinnt cúrsaí beartais eile. Tá an geilleagar gorm i mbéal an phobail faoin **gComhaontú Glas don Eoraip**toisc go bhféadfadh sé rannchuidiú leis an ndícharbónú agus, sa deireadh, leis an uaillmhian an domhan a bheith saor ó thruailliú. Tá an-tábhacht, ach go háirithe i gcomhthéacs an **mhisin maidir**

**leis an gcomhshaol, leis na haigéin agus leis an iascach** ag baint leis na hiarrachtaí geilleagar gorm a chur chun cinn. Tá EMSA in acmhainn rannchuidiú i réimsí éagsúla, agus é ag féachaint le srian a chur le truailleáin – astaíochtaí, micreaphlaistigh, substaintí guaiseacha – agus le húdair an truaillithe trí sheirbhísí chomhtháite faireachais agus raon uirlisí a bhaineann leis an bhfaireachán, le tuairisciú agus leis an bhforghníomhú acu chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le cion an gháis nádúrtha leachtaithe agus foinsí malartacha eile fuinnimh, mar chuid de mhisean an chúraim maidir leis an **bhfuinneamh** san aistriú chuig geilleagar saor ó charbón.

Leagann **an Misean maidir leis an Margadh Inmheánach** béim ar an aistriú digiteacha bhfuil tionchar aige ar gach earnáil den gheilleagar agus mar phríomhthosca i neartú an mhargaidh inmheánaigh. Tacaíonn EMSA le digitiú agus simpliú loingseoireacht AE chun go mbeidh muiriompar níos éifeachtaí. Bainfidh an Ghníomhaireacht leas asan intleacht saorga, ar cheann de na mórdheiseanna a bhaineann leis an gcúram seo í, chun an tsábháilteacht muirí, an faireachas muirí agus an tslándáil mhuirí a fheabhsú. Táan Chibearshlándáil , áfach, ar cheann de na dúshláin mhóra. Tá an Ghníomhaireacht ag dul i ngleic leis seo ar dhá bhealach, córais AE um fhaisnéis mhuirí a choinneáil slán, ar córais iad a oibríonn EMSA, agus bagairtí ar shábháilteacht muirí i gcoitinne a chomhrac.

Maidir le gníomhachtaí na Gníomhaireachta thar theorainneacha an Aontais chun tacú le comhfhogasú chaighdeáin an Aontais, tá tábhacht ag baint leo i gcomhthéacs an **mhisin maidir le comharsanacht agus le méadú** i dtaca le haontachas tíortha áirithe amach anseo ach freisin ar bhonn níos leithne i dtaca le caighdeáin maidir leis an tsábháilteacht muirí, leis an tslándáil mhuirí agus leis an gcomhshaol i réigiúin chomharsanacha a leathnú agus a fheabhsú.

Ar deireadh, leanann an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d'fhreagairt an Aontais ar an imirce agus ar an tslándáil tríd a obair leanúnach faoin gcomhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta agus trí chreat comhtháite muirí an Aontais a chur ar fáil. Is féidir go mbeidh ról ag an nGníomhaireacht amach anseo maidir le breis tacaíochta a thabhairt do cuardach agus tarrtháil. Cuireann EMSA go mór sa réimse muirí le cinntiú go mbeidh na córais AE um fhaisnéis idir-inoibritheach rud atá ina chuid thábhachtach den Aontas Slándála faoin**mhisean maidir le gnóthaí baile**.




An 20-21 Márta, tháinig baill an Bhoird Riaracháin EMSA le chéile chun tuairimí a mhalartú maidir leis na tosaíochtaí don tréimshe cúig bliana atá le teacht

## 1.4 AN MHODHEOLAÍOCHT CHUN AN STRAITÉIS CÚIG BLIANA A FHORBAIRT

Is é seo an tríú doiciméad straitéise cúig bliana ag EMSA agus feictear leis an tréimshe 2020-2024 a chumhdú. Tá an straitéis sin fothaithe ar struchtúr agus gníomhaíochtaí dá chuid atá seanbhunaithe agus a fhágann gur rinneadh de EMSA le himeacht ama príomh-chomhpháirtí teicniúil muirí an Aontais do na Ballstáit agus don Choimisiún. Curtha san áireamh freisin sa tStraitéis cúig bliana tá toradh na meastóireachta seachtraí is deireanaí a rinneadh ar EMSA agus Moltaí Bhord Riaracháin EMSA (2017) agus an plean gníomhaíochta a ghlac EMSA mar fhreagairt ar na nithe sin.

Is mór-acmhainní faoi leith iad an taithí agus an fhaisnéis atá cruinnithe ag an nGníomhaireacht ag gníomhú di le 15 mbliana anuas. Agus an straitéis á forbairt aici, d'fhéach EMSA chuige go ndéanfaí iniúchadh, in éindí leis na príomh-pháirtithe leasmhara dá ndéanann an Bord Riaracháin ionadaíocht, ar na dúshláin nua agus na deiseanna nua atá rompu san earnáil mhuirí AE agus ar an mbealach chun an leas is mó a bhaint as na hacmhainní faoi leith atá aici chun cuidiú leo dul i ngleic leis na dúshláin sin agus na deiseanna sin a thapú.

**Straitéis cheannródaíoch agus í ceaptha a bheith uaillmhianach atá sa straitéis cúig bliana seo. Féachann an Ghníomhaireacht leis go mbeidh an breisluach is mó ann dá phríomh-pháirtithe leasmhara, do na Ballstáit agus don Choimisiún anois agus sna blianta atá romhainn. Is ann, áfach, do shrianta agus d'éiginnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar a tharlóidh d'úrghnéithe na straitéise, agus do cheist an tsainordaithe agus na n-acmhainní ach go háirithe.**

Rialaítear raon feidhme na Gníomhaireachta go príomha lena Rialachán bunaidh(roinn 1.1) ach déantar difear dó freisin leis angcomhthéacs institiúide agus beartais(roinn 1.2, lena n-áirítear faoi láthair an chosúlacht go mbeidh ann don Bhreatimeacht. Beidh tionchar cinniúnach ag na caibidlíochtaí leanúnacha maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais ar a bhfuil i ndán d'acmhainní na Gníomhaireachta.

**Mar sin de, breathnaítear ar an Straitéis Cúig Bliana seo mar dhoiciméad beo, ar doiciméad é a chuirfear chun feidhme trí chláir oibre bhliantúla na Gníomhaireachta agus forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rialacháin, maidir le beartais agus maidir le hacmhainní á gcur san áireamh.**

Ón tús, dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMSA, ar a raibh sé de chúram an straitéis cúig bliana seo a dhréachtú, gur mian léi go mbeadh cur chuige cuimsitheach i gceist sa phróiseas seo ina mbeadh tuairimí ó phríomh-pháirtithe leasmhara EMSA, ó Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta, ón acmhainn is mó atá ag EMSA, is é sin le rá a foireann, go mbeadh na tuairimí sin go léir ina gcuid thábhachtach den straitéis ilbhliantúil.


Ceardlann éascaithe ag foireann EMSA le baill an bhoird a bhí sa phróiseas comhairliúcháin leis na príomh-pháirtithe leasmhara. Rinneadh torthaí na ceardlainne sin a phróiseáil trí bhearta éagsúla laistigh den Ghníomhaireacht. Cuireadh isteach an chéad dréacht den Straitéis Cúig Bliana lena phlé ag cruinniú an Bhoird Riaracháin i mí Mheithimh 2019. Iarradh ar na baill barúlacha i scríbhinn a chur isteach freisin tar éis na díospóireachta. Scrúdaigh an Ghníomhaireacht na tuairimí go léir a nochtadh agus d'fhorbair sí dréacht nua, rud a chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoi bhráid an Choimisiúin ar mhaithe le dul i gcomhar go foirmiúil go luath i mí Mheán Fómhair, mar a cheanglaítear le Rialachán bunaidh na Gníomhaireachta. Ar deireadh, cuireadh an doiciméad faoi bhráid an Bhoird Riaracháin lena ghlacadh i gcruinniú mí na Samhna 2019.

Freagraí Bhaill an Bhoird ar na ceisteanna -

1/ Céard é an rud is mó a shamhlaíonn tú le EMSA?





2/ Cén réimse nua ar cheart do EMSA a bheith gníomhach ann?



## 1.5 CUR CHUN FEIDHME AGUS TÁSCAIRÍ

Déanfar beart leantach maidir le cur chun feidhme na straitéise seo le próisis ghníomhaireachta maidir le tuairisciú agus maidir le clárú. Is é atá taobh thiar de na próisis seo ná an doiciméad clársceidealaithe aonair ina bhfuil, de réir Rialachán Airgeadais EMSA, clár oibre ilbhliantúil agus clár oibre bliantúil. An nasc idir na **tosaíochtaí straitéiseacha ilbhliantúla**a ndéantar cur síos orthu sa straitéis seo agus na **gníomhaíochtaí bliantúla agus an t-aschur bliantúil**. Leagtar síos, ach go háirithe, leis an doiciméad clársceidealaithe aonair**raon de ghníomhaíochtaí bliantúla agus den aschur bliantúil**lena rannchuidítear le gach ceann ar leith de**chuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla.**




## Rath na Straitéise Cúig Bliana a thomhas:

1. Gach bliain, déanfaidh an Ghníomhaireacht a mheas**an mó a rannchuidigh na gníomhaíochtaí bliantúla agus an t-aschur bliantúil leis na cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla** Measúnú cáilíochtúil a bheidh sa mheasúnú sin a mbeidh bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú sa Tuarascáil Ghníomhaíochta Bhliantúil Chomhdhlúite (CAAR) agus ar tháscairí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha. Nuair is ann dóibh, is féidir leas a bhaint freisin as cáschuntais chun ábharthacht agus breisluach EMSA a léiriú. Maidir le táscairí eile amhail iarrataí uirlisí EMSA a úsáid nó iarrataí chuig EMSA bheith ina chomhpháirtí teicniúil, dul chun cinn gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi thogra, etc, d'fhéadfadh siad rannchuidiú le baint amach cuspóirí áirithe á mheas.

2. Ag druidim le deireadh na tréimhse cumhdaithe leis an straitéis Cúig Bliana, déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar **bhaint amach na dtosaíochtaí straitéiseacha ilbhliantúla**. Beidh dhá chéim i gceist sa phróiseas sin: aird a thabhairt, ar thaobh amháin, ar bhaint amach na gcuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla, agus, ar an taobh eile, ar thuairimí páirtithe leasmhara EMSA. Déanfar sástacht agus tuairim pháirtithe leasmhara maidir leis na tosaíochtaí straitéiseacha a ríomh trí**shuirbhé**d'fhonn idirchaidreamh na Gníomhaireachta maraon lena próifíl sna réimsí ábhartha a mheas.


## 1.6 BRAISLE MHUIRÍ AN AE

Go bunúsach, is ilchríoch muirí Mór-roinn na hEorpa. Tá imeallbhord an Aontais 68 000 km ar a fhad. Is ann do 23 Stát cósta agus 27 mBratstát san AE. Cé go bhfuil dúshláin ag baint leis na cúinsí eacnamaíocha is láidir an geilleagar gorm agus láimhdeachas EUR 658 billiún agus lucht saothair de ceithre mhilliún duine ann. Cuimsítear leis an earnáil mhuirí mór-réimsí beartais AE lena n-áirítear iompar, an comhshaol agus na haigéin, fuinneamh, an margadh inmheánach, agus méadú agus comharsanacht. Mar léiriú ar threochtaí áirithe san earnáil seo, seo thíos sraith de ghrafaic faisnéise lena dtugtar figiúirí i dtaobh gach cheann de na téamaí a chumhdaítear anseo.  Níl aon dabht ach go mbeidh áit lárnach fós ag an Eoraip sna blianta atá romhainn.

## Mar atá an scéal faoi láthair

### An cabhlach AE

Aonad=Olltonnáiste (GT)
Foinse sonraí: Marinfo, bunachar muirí inmheánach EMSA








## Staidreamh ar mharaithe an AE

### Tuairim ghéarchúiseach maidir le tíortha tionscnaimh agus tíortha aitheantais


Foinse sonraí: Tuairisc 2017 EMSA STCW-IS

Léargas ar mharaithe a bhfuil deimhnithe inniúlachta agus formhuinithe lena bhfianaítear aitheantas ó thíortha AE* acu atá bailí sa bhliain 2017, mar a thuairiscítear i gCóras Faisnéise STCW EMSA

**TÍORTHA AE**

**202 190**

MÁISTRÍ AGUS OIFIGIGH ARNA NDEIMHNIÚ AG TÍORTHA AE



**TÍORTHA NEAMH-AE**

**87 810**

MÁISTRÍ AGUS OIFIGIGH Ó THÍORTHA NEAMH-AE ARNA AITHINT AG TÍORTHA AE

**NA 5 THÍR AE INA BHFUIL AN LÍON IS MÓ D'OIFIGIGH DEIMHNITHE**

- An Ríocht Aontaithe (30 833)
- An Pholainn (20 138)
- An Ghréig (18 935)
- An Iodáil (15 154)
- An Iorua (14 696)

**NA 5 THÍR AE INA BHFUIL AN LÍON IS MÓ D'OIFIGIGH ARNA AITHINT AG TÍORTHA AE**

- An Pholainn (9 260)
- An Rómáin (5 227)
- An Ghréig (3 893)
- An Ríocht Aontaithe (3 689)
- An Chróit (3 463)

**NA 5 THÍR NEAMH-AE INA BHFUIL AN LÍON IS MÓ D'OIFIGIGH ARNA AITHINT AG TÍORTHA AE**

- Na hOileáin Filipíneacha (30 615)
- An Úcráin (19 304)
- Cónaidhm na Rúise (15 631)
- An India (6 357)
- An Tuirc (4 100)

**NA 5 THÍR AE A AITHNÍONN AN LÍON IS MÓ D'OIFIGIGH NEAMH-AE**

- Málta (37 151)
- An Chipir (16 442)
- An Iorua (7 983)
- An Ísiltír (7 109)
- An Ríocht Aontaithe (6 345)

* Áireofar in aon tagairt don AE nó do Bhallstáit AE an Iorua agus an Íoslainn






## Longthógáil

Tuilleadh longa ach iad a bheith níos lú


Foinse sonraí: Marinfo
Bunachar sonraí muirí inmheánach EMSA



# Gníomhaíochtaí calafoirt a bhaineann leis an trádáil agus le taisteal

## Dul ar bord agus dul i dtír phaisinéirí ag calafoirt AE

Foinse sonraí: Eurostat
Aonad: Míle paisinéir




Na 5 tíortha is mó

- An Iodáil (85 382)
- An Ghréig (72 520)
- An Danmhairg (43 774)
- An Spáinn (36 093)
- An Chróit (32 658)



## Ollmheáchan earraí arna láimhseáil i gcalafoirt

Foinse sonraí: Eurostat
Aonad: Míle tona




Na 5 tíortha is mó

- An Ísiltír (595 810)
- An Spáinn (485 805)
- An Ríocht Aontaithe (481 815)
- An Iodáil (475 164)
- An Ghearmáin (299 189)

## Faireachas

### Léarscáileanna de dhlús tráchta ar a léirítear patrúin ghluaiseachta long

Foinse sonraí: EMSA, Comhéadan Grafach Úsáideora Éiceachórais SafeSeaNet (SEG)



Limistéar Mhuir Bhailt- Lúnasa 2019



Limistéar na Meánmhara- Lúnasa 2019



Limistéar na Mara Duibhe- Lúnasa 2019


**16 milliún**

Líon iomlán na dteachtaireachtaí a fuair EMSA in aon lá amháin

- T - AIS — 8 713 927
- S - AIS — 7 325 601
- VMS — 78 973
- LRIT — 38 286




GNÍOMHAÍOCHTAÍ LENA GCUMDAÍTEAR:




**96 265**

Soithí sonracha arna aimsiú in aon lá amháin ó fhoinsí éagsúla


- 61 803 — S - AIS
- 39 907 — T - AIS
- 6 685 — VMS
- 4 717 — LRIT




## Tionóiscí muirí

### Miondealú ar fhigiúirí


Foinse sonraí: Ardán Faisnéise maidir le Taismigh (EMCIP) EMSA




Dáileadh na dtaismeach de réir chatagóir an duine





Líon na dtaismeach agus na dteagmhas muirí de réir a dhéine is a bhí siad



# Doirteadh féideartha a aimsiú

## Treochtaí thar tréimshe deich mbliana

Foinse sonraí: EMSA, CleanSeaNet, seirbhís aimsithe doirteadh ola agus soithí




Is é an treocht fhoriomlán atá ann le nach mór deich mbliana anuas ná laghdú ó bhliain go bliain i líon na ndoirtí féideartha arna aimsiú in aghaidh an mhilliúin km2 a ndearnadh faireachán orthu, agus laghdú suntasach tagtha ar líon na ndoirtí sa tréimhse 2008-2010 agus laghdú ar bhonn níos céimsí sa tréimhse 2010-2015. In 2016, a mhalairt de threocht a bhí ann agus feabhas curtha ar an gcumas braite le teacht an Sentinel-1A nua, go háirithe i gcás doirtí níos lú.

# Rialú Stát ar Chalafoirt

## I dtreo comhlíonadh comhsheasmhach

Foinse sonraí: Meabhrán Tuisceana Pháras, Tuarascáil bhliantúil "Comhlíonadh Comhsheasmhach" 2018

### COMHLÍONADH COMHSHEASMHACH

2018

**17 952**
CIGIREACHTAÍ


**9 368**
LONGA LE hEASNAIMH

**566**
COINNEÁIL

**24**
COSC

Léiríonn an treocht trí bliana gur tháinig laghdú suntasach ar líon na n-aimsithe ó 3.87% in 2017 go 3.15% in 2018.

### BRATACHA BÁNA, LIATH AGUS DUBHA




**73 tír liostaithe**

**13** tír ar an dúliosta

**18** tír ar an liosta liath

**41** tír ar an liosta bán

Tá **100** faoin gcéad de thíortha AE ar an liosta bán

### NA 5 CHATAGÓIR EASNAMH IS COITIANTA

**13%** Sábháilteacht dóiteáin

**12.07%** Sábháilteacht loingseoireachta

**8.17%** Feistí tarrthála

**7.96%** Dálaí oibre

**7.14%** Teastais & doiciméid

CAIBIDIL 2

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA





## AN BUNÚS DLÍ

Luaitear in Airteagal 1 de Rialachán bunaidh EMSA gurb é cuspóir na Gníomhaireachta leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú agus chun freagairt den leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola agus i gcás inarb iomchuí, rannchuidiú le héifeachtúlacht fhoriomlán maidir le trácht iomlán agus le hiompar muirí lena n-éascófar Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhunú.

## FÍS

Is é an fhís atá ag EMSA bheith ina ionad barr feabhais d’earnáil mhuirí AE atá slán  agus inbhuanaithe.

## MISEAN

Is é an misean atá ag EMSA freastal ar leasanna muirí AE le haghaidh earnáil mhuirí a mbeidh sábháilte, slán, glas agus iomaíoch agus bheith ina phointe tagartha iontaofa a bhfuil ardmheas air in earnáil mhuirí na hEorpa agus ar fud an domhain.

Baineann EMSA leas as a fios gnó ar leith chun a bheith i riocht bheith mar ghníomhaire riachtanach sa bhraisle mhuirí san Eoraip agus níos faide anall.

Feidhmíonn EMSA i dtaca leis an tsábháilteacht mhuirí, leis an tslándáil, leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus le ceisteanna agus cúraimí a bhaineann leis an margadh aonar, ní hamháin mar sholáthraí seirbhíse do na Ballstáit agus don Choimisiún ach freisin mar chomhpháirtí iontaofa agus nuálach agus mar mhol faisnéise don bhraisle mhuirí san Eoraip agus tá sé d'acmhainn aige feidhmiú níos faide ó bhaile mar eiseamláir idirnáisiúnta.

## LUACHANNA

Cáilíocht, inchreidteacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, trédhearcacht, solúbthacht, agus a bheith cliste agus inscne-chothrom.

CAIBIDIL 3

# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA EMSA



**Rinne EMSA roinnt cuspóirí a shainaithint maidir le gach ceann de na cúig thosaíocht straitéiseacha sin. Tá na cuspóirí sin aibhsithe thíos faoi bhun gach téacs**

## 3.1 INBHUANAITHEACHT

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH:**

**Rannchuidiú leis an gClár Glas Eorpach don iompar muirí tríd an cumas AE a neartú chun an mhuirthimpeallacht a chosaint, athrú aeráide a bhainistiú agus freagairt ar dhúshláin nua chomhshaoil**

Bunaíodh EMSA tar éis dhá mhór-thionóisc in uiscí an Aontais a raibh mór-thruailliú mar thoradh orthu a raibh réimsí móra uisce agus na mílte ciliméadar den líne chósta buailte leis. Bhí costas ollmhór comhshaoil agus costas ollmhór eacnamaíoch ag baint leis na tionóiscí sin. Feidhmíonn EMSA i ndá réimse chun an muirthimpeallacht a chosaint - an truailliú a chosc agus freagairt dó - agus ar an dóigh sin tacú, nuair is féidir sin, le beartais AE maidir leis an muirthimpeallacht, maidir leis an timpeallacht cósta agus maidir le cosaint sláinte, lena n-áirítear an comhar réigiúnach, an geilleagar ciorclach sa réimse muirí, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) agus an dúil ann go mbeidh an Eoraip ina mhór-roinn atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de.

Is é cur chun feidhme na reachtaíochta idirnáisiúnta agus reachtaíocht an Aontais maidir le truailliú ó longa a chosc céad cholún na cosanta comhshaoil. Leanfaidh EMSA de chúnaimh theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún sa réimse seo, ar réimse AE é lena gcumhdaítear saoráidí glactha calafoirt, cion sulfair i mbreoslaí (lena n-áirítear breoslaí malartacha agus teicneolaíochtaí malartacha), astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú ó longfhoinsí, pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach, athchúrsáil long, substaintí frithscreamháin, úinéirí loinge a árachú i leith éileamh muirí.

Sna blianta atá amach romhainn, beidh ar an nGníomhaireacht baint níos mó a bheith aici le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus le dícharbónú, ar nithe iad atá ar bharr an chláir oibre ar fud an domhain, chun cuidiú leis an AE an clár oibre a chur chun cinn agus a chuid dualgais a chomhlíonadh.

Beidh gá freisin le breis cúnaimh ón nGníomhaireacht i ndáil le cur chun feidhme na reachtaíochta arna leasú maidir le saoráidí glactha calafoirt agus i ndáil leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Truailliú ó Longa. D'fhéadfadh cúnamh theicniúil breise a bheith ann i réimse na hathchúrsála long, réimse ina bhfuil fios gnó ag EMSA chun tacú leis an gCoimisiún.

Ina theannta sin, déanfaidh an Ghníomhaireacht scrúdú ar rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le ceisteanna atá ag teacht chun cinn amhail torann faoi uisce, bruscar muirí, NOX agus cáithníní.

**Tacú le reachtaíocht aeráide agus chomhshaoil ábhartha AE agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme**



Tá saineolas, taithí agus uirlisí cruinnithe ag EMSA a d'fhéadfaí a leathnú chuig réimsí eile. Mar shampla, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht an cur chuige maidir le forbairt acmhainní, ar cur chuige é a forbraíodh maidir le leachtú gáis nádúrtha, a chur in oiriúint do bhreoslaí malartacha eile agus ar an dóigh sin breis tacaíochta a chur ar fáil i dtaca le breoslaí malartacha agus éifeachtúlacht fuinnimh agus dearadh, ach go háirithe i gcomhthéacs Fóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe (ESSF).

Leanfaidh EMSA de chúnaimh a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag dul i ngleic le ceist na n-orgánach uisceach dochrach agus na bpataiginí uisceacha dochracha á n-aistriú agus maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe idirnáisiúnta ábhartha (bainistíocht uisce ballasta, córais fhrithscreamháin).

Oibreoidh EMSA in éineacht leis na húdaráis náisiúnta agus le tionscal na loingseoireachta chun Cód Cleachtais Caighdeánach maidir le Buncaeireacht arna déanamh ag Báirsí nó ag Tancaeir a tharraingt suas, cód a nglacfar go coitianta leis, i gcomhthéacs Fóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe (ESSF).

Maidir le truailliú ó phlaistigh, rannchuideoidh EMSA le forbairt treorach maidir leis an tionchar a bhíonn ag an loingseoireacht a íoslaghdú, mar shampla úsáid plaistigh ar bord soithigh a laghdú, mar aon le cur chun feidhme Plean Gníomhaíochta IMO chun an bruscar muirí a chosc.

Ó thaobh uirlisí de, cuirfidh an Ghníomhaireacht an cleachtadh atá aici ar an Áireamhán Astaíochtaí Aeir chun tairbhe, ar áireamhán é a forbraíodh mar chuid den togra maidir le Fardal Astaíochtaí, chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith aige i ndáil le samhaltú astaíochtaí per se chun tacú le roghanna beartais, ach i ndáil freisin le samhaltú truailleáin eile amhail torann faoi uisce nó (micrea-) plaistigh agus éilleáin cheimiceacha eile.

**Dlús a chur le gníomhaíochtaí maidir le truailliú a chosc trí chumas Bhallstáit a bhreisiú agus treoir phraiticiúil is uirlisí praiticiúla a fhorbairt don bhraisle mhuirí is leithne**

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tacaíonn EMSA le hobair an Choimisiúin ag IMO agus tá baint níos mó i gcónaí aige le ceisteanna a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide. Maidir le cion riachtanach EMSA i ndearadh agus i mbainistiú THETIS-MRV, córas bailithe sonraí chun tacú le Rialachán MRV, chuir sé le próifíl na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí teicniúil féideartha chun tacú le tionscnaimh AE agus tionscnaimh dhomhanda a fhorbairt agus a chur chun feidhme, sa mhéid a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus le modhanna forghníomhaithe.

**Cur chun chinn agus forbairt réitigh nuálacha de chuid an AE agus réitigh domhanda nuálacha chun an t-athrú aeráide a mhaolú**



Is é an fhreagairt an dara colún de chosaint an chomhshaoil. Tá EMSA, ar bunaíodh é chun acmhainn Bhallstáit a bhreisiú i dtaca le freagairt do thruailliú, tar éis raon uirlisí a chur ar fáil lena n-imscaradh ar iarraidh sin, ar a bhfuil gréasán de shoithigh chun freagairt ar dhoiteadh ola, Seirbhís Cúnaimh maidir le Trealamh, stoc-chairn easróirí agus seirbhís tacaíochta i gcás truaillithe ó shubstaintí guaiseacha eile. Tá fáil ar fhaireachas satailíte agus le déanaí ar sheirbhísí i ndáil le córais aerárthaí cianrialaithe (RPAS) chun doirteach féideartha nó iarbhír a bhraith nó chun faireachán a dhéanamh orthu.  Is riachtanach córas faisnéise agus cumarsáide SafeSeaNet agus CleanSeaNet AE agus líonra údaráis na mBallstát a chothabháil chun tacú leis na húdaráis ábhartha faisnéis ábhartha a roinnt agus a aisghabháil i bhfíor-am, ar faisnéis í maidir leis an tionóisc, maidir leis an soitheach agus maidir le lastas an tsoithigh sin.

Tá na huirlisí ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí ó thaobh teicneolaíochtaí freagartha agus modhanna freagartha de agus níos solúbtha maidir le sofhreagracht do dhálaí réigiúnacha is d’acmhainn réigiúnach agus maidir le hinoiriúnaitheacht do dhálaí réigiúnacha is d’acmhainn réigiúnach, toisc iad a bheith feabhsaithe agus comaoin a bheith curtha orthu go leanúnach. Ní mór leanúint den phróiseas dinimiciúil seo lena ndéantar na huirlisí maidir le freagairt a uasghrádú go leanúnach chun go mbeidh cumas maidir le freagairt an Aontais ar ardleibhéal i gcónaí má tharlaíonn tionóisc nó timpiste. Ag an am chéanna, féachfaidh EMSA le teacht ar bhealaí chun úsáid na n-uirlisí sin a fheabhsú agus cur chuige réigiúnach a atá bunaithe ar riachtanais á chur san áireamh.

**Uirlisí nuálacha, éifeachtúla agus solúbtha maidir le freagairt a fhorbairt a thuilleadh ar uirlisí iad a mbeidh bunaithe ar riosca chun cumas Bhallstáit a bhreisiú i dtaca le truailliú ó longa agus truailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola a chosc, a bhraith agus a agus chun freagairt dó**

Ina theannta sin, ní mór an pheirspictíocht maidir le freagairt ar thruailliú a leathnú agus í ag teacht leis an gclár láidir glas agus cúl á thabhairt ar na seanúdair truaillithe céanna agus ar na húdair aonair (i.e. ola, ceimiceáin, longa agus suiteálacha gáis agus ola) chun díriú ar an bhfíorscéal atá idir chamáin - na haigéin agus an t-aeráid. Ón bpeirspictíocht leathan seo is féidir an iomad bagairtí breise a bhraith agus ba cheart do EMSA fiosrú cá háit agus cén chaoi is féidir cuidiú le Ballstáit aghaidh a thabairt orthu, mar shampla:

- B’fhéidir go mbeadh gá le cuir chuige úrnua maidir le freagairt ola i bhfianaise breoslaí nua atá níos glaine, i gcomparáid le breoslaí eile. Ba chóir do EMSA oiriúnacht na sásraí maidir le freagairt do na breoslaí nua a mheas.
- Scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe nár scrúdaíodh fós ag EMSA, mar shampla an chaoi go bhféadfaí sásraí maidir le freagairt a chur in oiriúint chun plaistigh sa mhuirthimpeallacht a thabhairt chun siúil, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag tionóiscí a mhaolú, amhail titim thar bord choimeádáin. Déanfaidh an Ghníomhaireacht scrúdú ar an bhféidearthacht dul i muinín comhaontuithe réigiúnacha lena n-áirítear comhaontuithe maidir le farraigí réigiúnacha agus aghaidh á tabhairt ar cheist na plaisteach agus na micreaphlaisteach sa mhuirthimpeallacht.

**Réiteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla nua don chomhshaol atá ag athrú**

## 3.2 SÁBHÁILTEACHT

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH:**


**Rannchuidiú le caighdeáin sábháilteachta muirí níos airde, dúshláin agus feithimh nua maidir leis an tsábháilteacht muirí a réamh-mheas agus chun réitigh a mbeidh bunaithe ar eolas a chur ar fáil d'fhonn rannchuidiú le laghdú ar thaismigh mhuirí agus ar chailleadh daoine.**

Bhí an tsábháilteacht muirí i gcónaí ag croí lár EMSA agus beidh go deo. Éilíonn an raon leathan de thionscnaimh reachtacha an Aontais lena rialaítear an muiriompar san Aontas comhlacht teicniúil a bheith ann go follasach agus a bheith ar fáil chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar leibhéal cur chun feidhme na reachtaíochta agus ar leibhéal a forghníomhaithe. Is mar sin atá an scéal le EMSA inniu agus leanfaidh sé de thacaíocht den sórt sin a thabhairt don Choimisiún ina ról mar chaomhnóir na gConarthaí agus do Bhallstáit an Aontais le haghaidh chur chun feidhme a gcuid oibleagáidí. Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá clár de chuairteanna ar Bhallstáit agus de chigireachtaí i dtríú tíortha agus ar Eagraíochtaí Aitheanta, agus riachtanais nua reachtaíochta á gcur san áireamh agus a timthriallta agus a cur chuige foriomlán á gur in oiriúint chun acmhainní EMSA agus próiseas na gcuairteanna a bharrfheabhsú, chun cur le tionchar na gcuairteanna agus chun aon ualach ar na heintitis ar a dtabharfar cuairt nó ar a ndéanfar cigireacht a íoslaghdú.

Cuirfidh EMSA mór-chultúr sábháilteachta chun cinn sa mhuiriompar trí thacú leis an tiomantas agus an síor-fheabhsú le raon breisithe d'uirlisí is de sheirbhísí i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an bhforghníomhú. Leis an raon uirlisí sin bainfear leas as taithí agus saineolas na Gníomhaireachta: forbairt acmhainní, oiliúint, anailís chomhthreomhar, anailís ar chostéifeachtúlacht, treoir; agus ceachtanna á bhfoghlaim as an bhfaisnéis a fuarthas ó chuairteanna agus ó chigireachtaí, dea-chleachtais agus na cleachtais is fearr, agus cuidiú le comhroinnt na faisnéise sin.

Sa lá inniu, aithnítear EMSA mar mhol theicniúil don phlé a bhaineann le sábháilteacht agus le hinbhuanaitheacht na loingseoireachta. Le tograí teicniúla EMSA agus leis an méid atá le rá aige sna fóraim chuí spreagtar plé agus dul chun cinn i dtreo loingseoireachta níos sláine agus níos glaise. Is le staidéir EMSA a sháraíodh agus a sháraítear fós an tairseach chriticiúil chun caighdeáin a fheabhsú agus réitigh inbhuanaithe a shainaithint. Cuirfidh an Ghníomhaireacht leis an bhfeidhm sin agus ba cheart go mbeadh a ceardlanna ina bhfóram chun roghanna teicniúla a phlé agus réitigh a mbeidh bunaithe ar eolas a chur chun cinn.

**Saineolas agus tacaíocht a thabhairt maidir le forbairt, cur chun feidhme agus forghníomhú caighdeáin sábháilteachta**











Leanfaidh EMSA de thacaíocht a thabhairt d'údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais maidir lena bhfreagrachtaí mar Bhratstáit. Déanfaidh an Ghníomhaireacht a cumas acmhainní a fhorbairt a thuilleadh chun scéimeanna oiliúna córasacha agus comhtháite a mbeidh bunaithe ar riachtanais a chur ar fáil d'fhonn tacú lena n-obair laethúil maidir le cur chun feidhme Bhratstáit, maidir le himscrúdú tionóiscí, maidir le STCW, etc.

Leanfar d'aird a thabhairt ar an bplé theicniúil i gcomhthéacs na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) agus rannchuidiú teicniúil ó EMSA mar chuid ghníomhach den phlé sin. Anuas air sin, leanfar de chúnaimh theicniúil a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha AE agus comhaontuithe idirnáisiúnta. Is áisiúil go maith an fhaisnéis arna bailiú ag EMSA trí chuairteanna agus trí iniúchtaí, ar fhaisnéis í a d'fhéadfadh tacú trí anailís sábháilteachta agus trí anailís chothrománach leis an gcinnteoireacht agus le measúnuithe riosca ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE araon.

Ag cur leis an saineolas teicniúil agus leis an eolas a fuarthas i gcaitheamh na mblianta, tabharfaidh an Ghníomhaireacht breis tacaíochta do na Ballstáit le haghaidh na n-iniúchtaí arna ndéanamh faoin Scéim um Iniúchadh ar Bhallstáit (IMSAS) IMO. Anuas air sin, leis an tionscnamh 'Dynamic Overview of National Authorities (DONA)' cuirfear staidreamh ar fáil go rialta do na rialtais mhuirí chun tacú lena n-obair laethúil.

Ní mór do rialtais mhuirí na linne seo a bheith ní ba sholúbtha agus ní ba shofhreagrúla ná riamh agus is mithid dóibh faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar shaothar na gcumann aicmiúcháin atá údaraithe feidhmiú ar a son (Eagraíochtaí Aitheanta). Tabharfaidh EMSA tacaíocht do ghníomhaíochtaí forbartha acmhainne agus, ag an am céanna, chuirfidh sé saineolas ar fáil maidir le Córais Bainistithe Cáilíochta (an Treoir maidir le Bratstáit). Thairis sin, an taithí, an saineolas agus an fhaisnéis a fuair EMSA óna chigireachtaí ar Eagraíochtaí Aitheanta, d'fhéadfadh siad a bheith ina n-uirlis úsáideach agus éifeachtach chun gníomhaíochtaí faireacháin arna ndéanamh ag na Ballstáit ar Eagraíochtaí Aitheanta a chomhlánú.

**Tacú le Riaracháin Muirí agus iarrachtaí á ndéanamh acu maidir le cur chun feidhme reachtaíochta ag na Bratstáit**

Tacaíonn EMSA freisin le Ballstáit ina gcáil mar stáit an chalafoirt agus le lucht MoU Pháras níos leithne, á mheabhrú di go rannchuidíonn forghníomhú comhchuibhithe le loingseoireacht nach bhfuil ar an gcaighdeán cuí a sheachaint agus le cothroime iomaíochta a áirithiú. Is éard atá sa tacaíocht seo ná córas faisnéise PSC (THETIS) arna fhorbairt agus arna chothabháil ag an nGníomhaireacht mar aon le huirlisí éagsúla oiliúna agus tacaíochta (e.g. RuleCheck) lena n-áirítear uirlisí cianfhoghlama arna bhforbairt ag EMSA do chigirí PSC na mBallstát.

Tarraingníonn na hard-chaighdeáin arna leagan síos i MoU Pháras aird chórais eile ar fud an domhain ina bhfuil Rialú ag Stát an Chalafoirt. Agus aird á tabhairt ar ról EMSA maidir le tacaíocht a thabhairt do MoU Pháras, d'fhéadfaí uirlisí a fhorbairt a thuilleadh agus réitigh AE sa réimse seo a easportáil.

**Tacú le Riaracháin Muirí ina ról PSC agus cur chuige comhoiriúnaithe i leith PSC a chur chun cinn ar fud an domhain**



Tá an domhain ina mairimid ag athrú go tapa agus is an dála céanna ag muiriompair é. Ag tógáil dó ar an láidreacht agus ar na hacmhainní a forbraíodh de réir a chéile, tá EMSA in áit mhaith chun na dúshláin sábháilteachta atá ag teacht chun cinn ar bhord longa coimeádán ollmhóra, longa paisinéirí ollmhóra agus soithigh iascaireachta ollmhóra a iniúchadh agus dul i ngleic leo.

Is léir ó thionóiscí a tharla le déanaí go bhfuil gá ann leibhéil sábháilteachta ar longa áirithe a scrúdú agus a mheas arís agus go háirithe i gcás éigeandála. Déanfaidh an Ghníomhaireacht a chion leis a hobair theicniúil maidir le hanailís a dhéanamh ar na caighdeáin sábháilteachta, ar an méid a foghlaimíodh ó thionóiscí, agus ar fhorbairtí ag IMO, agus í ag díriú ar leibhéal níos airde deartha sábháilteachta agus feidhmíochta ar longa. Is é an Ghníomhaireacht is fearr is féidir fóram a sholáthar le haghaidh pléite teicniúla le saineolaithe ó na Ballstáit ar cheisteanna amhail sábháilteacht ar dhóiteán, dóiteáin i gcoimeádáin, ceisteanna sábháilteachta a bhaineann le breoslaí nua, le haslonnú, agus le stiúradh is so-ionramháilteacht.

### Obair a threisiú ar longa ar a bhfuil an riosca féideartha timpistí agus tionchar na dtimpistí sin níos airde

Is ionann tacú le caighdeáin sábháilteachta muirí níos airde agus páirt ghníomhach a ghlacadh chun sábháilteacht na longa sin (e.g. árthaigh pléisiúira, soithigh iascaireachta) a thiteann lasmuigh de na tairsigh sna comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a fheabhsú.


Déanfaidh an Ghníomhaireacht na ‘bearnaí’ i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a scrúdú agus déanfaidh sí an phlé theicniúil a éascú, agus, mar shampla, tacaíocht theicniúil a chur ar fáil i dtaca le beart leantach ar bheart REFIT, agus béim á leagan ach go háirithe ar longa paisinéirí ar lú ná 24 mhéadar a bhfad, ar longa arna dtógáil le hábhair seachas cruach nó as a coibhéis agus ar longa seoil phaisinéirí.

Ba cheart do EMSA oibriú leis na saineolaithe ó na Ballstáit agus na roghanna a mheas trí ardán teicniúil  a chur ar fáil chun ceist na n-árthach pléisiúira a phlé. D’fhéadfadh an Ghníomhaireacht breathnú ar chaighdeáin agus ar ghnéithe oibríochta a bhaineann le soithigh iascaireachta agus fóram a sholáthar le haghaidh pléite teicniúla agus le haghaidh malartuithe faisnéise maidir le caighdeáin náisiúnta. D’fhéadfaí réimsí riosca a shainaithint d’fhonn gníomhaíocht bhreise a dhéanamh.

### Tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta do shoithí nach gcumhdaítear le comhaontuithe idirnáisiúnta







Cothaíonn longa uathrialaitheacha agus córais uathoibreacha dúshláin nua ó thaobh na nithe seo a leanas de: caighdeáin sábháilteachta, trealamh muirí, gné an duine, bainistiú riosca, sábháilteacht na loingseoireachta i dtimpeallacht hibrideach agus oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart go dtiocfaidh EMSA chun bheith ina ardán don phlé theicniúil a mbeidh struchtúrtha agus a thabharfaidh le chéile lucht riaracháin, lucht tionscail agus lucht léinn. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tabharfaidh EMSA cúnamh don Choimisiún i dtaca leis an obair ar cuireadh tús léi ag leibhéal IMO maidir le Longa Mara Dromchla Uathoibrithe (MASS) trí bhearta áirithe a mholadh i gcomhréir le leasanna AE.

## Teacht chun bheith ina éascaitheoir teicniúil maidir le longa uathrialaitheacha

Tá fíorthábhacht ag baint leis an duine i bhfoirniú agus i mbainistiú loinge. Tá fíorthábhacht ag baint leis an duine freisin i bhfoirniú agus i mbainistiú loinge atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Go deimhin, braitheann gach gné den ard-loingseoireacht go mór ar mhianach agus ar shláinte mharaithe, ar tosca riachtanacha iad a bhfuil tionchar acu ar a slí mbeatha, agus ar an gcothromaíocht inscne san earnáil freisin. An rud a spreag iad bheith ar na soithí, an t-oideachas agus an oiliúint atá ar fáil, na dálaí maireachtála agus oibre. Ní mór aghaidh a thabhairt ar gach tosca acu siúd le haon iarracht chun gach gné den loingseoireacht a fheabhsú.

Is cuid riachtanach den slándáil mhuirí é Coinbhinsiún STCW agus is cúram ríthábhachtach tacaíocht na Gníomhaireachta don Choimisiún agus do na Ballstáit i dtaca lena chur chun feidhme. Déanfaidh EMSA clár de chigireachtaí ar chórais oiliúna agus deimhnithe i dtríú tíortha a fhorbairt, ar clár é a mbeidh éifeachtach agus éifeachtúil, chun tacú leis na feabhsuithe ar chóras aitheantais an Aontais a thagann le leasú ar reachtaíocht AE. Chuirfidh EMSA cúnamh theicniúil ar fáil freisin maidir leis an leasú atá le teacht ar Choinbhinsiún STCW. Cuirfear le STCW-IS (córas faisnéise STCW), lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le tacaíocht níos fearr a thabhairt d'údaráis inniúla Bhallstáit i dtaca le deimhnithe agus formhuinithe.

Ag breathnú níos faide ó bhaile dúinn ar na réimsí inar féidir go mbeadh breisluach ag an nGníomhaireacht, d'fhéadfadh an taithí a chruinnigh sí i ndáil le Coinbhinsiún STCW a bheith ina thaca maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin MLC agus ionstraimí ábhartha eile ILO ó thaobh cur chun feidhme, forghníomhú agus uirlisí de agus ar an dóigh sin d'fhéadfadh sé bheith ina chabhair maidir le dálaí maireachtála agus oibre mharaithe a fheabhsú.

D'fhéadfaí aird a thabhairt freisin do ghné na 'freagrachta sóisialta' sa loingseoireacht, agus ar chonas is féidir daoine a spreagadh a thuilleadh i slí beatha atá ag athrú go tapa ar bord long agus ar thalamh slán, agus forbairtí teicniúla ina gcúis leis sin freisin. Ní mór do na páirtithe leasmhara go léir leanúint dá dtiomantas do na nithe seo.

## Cur lena ról i dtaca le gné an duine sa loingseoireacht



## 3.3 SLÁNDÁIL

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH**

**Slándáil mhuirí san Eoraip agus ar fud an domhain a neartú nuair is le leas na hEorpa é sin**

Rannchuidíonn EMSA go gníomhach le cur chun feidhme Straitéis Slándála Muirí AE. I gcaitheamh na haimsire, cuireadh le ról na Gníomhaireachta chun cabhrú le chur chun feidhme reachtaíocht AE maidir leis an tslándáil mhuirí a mheas agus a fhíorú, i gcomhréim leis an éileamh ar thacaíocht don Choimisiún agus d'Údarás Faireacháin EFTA, éileamh atáthar ag súil go dtiocfaidh méadú air, rud a léiríonn tosaíocht atá ag fás ar leibhéal AE. Mar sin de, déanfar an cúnamh theicniúil seo i dtaca le slándáil long agus saoráidí calafoirte, de réir an Chóid Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt (ISPS), a fheabhsú.


**Tacú le cur chun feidhme iomchuí reachtaíocht AE agus na reachtaíochta idirnáisiúnta maidir leis an tslándáil mhuirí**

Maidir le córais um fhaireacháin ar thrácht agus um bhrath trí mheán satailíte de chuid EMSA, ar córais iad a cruthaíodh ar an gcéad dul síos i dtaca leis an tsábháilteacht ar muir agus le freagairt ar thruailliú, tugann sé léargas comhtháite fíor-ama ar an réimse mhuirí do ghníomhaithe éagsúla san earnáil mhuirí AE, ar córais iad lena gcomhlíontar feidhmeanna éagsúla a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chosc (EU Navfor i dtaca le píoráideacht, EFCA agus FMCanna i dtaca le hiascaigh, MAOC-N i dtaca le gáinneáil drugaí, Europol agus na hÚdaráis Náisiúnta Phóilíneachta agus na húdaráis garda cósta, Frontex, na húdaráis náisiúnta custaim). Tá de chumas ag acmhainn faireachais na Gníomhaireachta tacú leis an tslándáil ar fud an domhain agus ba cheart do EMSA fiosrú a dhéanamh, ach go háirithe ar chonas cabhlach trádála an Aontais a chosaint a thuilleadh ar an bpíoráideacht agus ar an robáil armtha ar fud an domhain trí clúdach agus raon Seirbhísí Muirí Comhtháite (IMS) a leathnú.

D'fhéadfaí seirbhísí eile a bhunú chun foláireamh a thabhairt do chabhlach trádála an Aontais maidir le  sáruithe slándála chun tacú le ról an Aontais maidir le faireachán domhanda fíor-ama a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann leis an bpíoráideacht nó ar theagmhais eile slándála agus ar ionsaithe ar scála domhanda.  I measc na roghanna atá ar fáil ná leathnú a dhéanamh ar an gclúdach geografach, amhail chuig Murascaill na Guine, agus cineál na seirbhísí muirí comhtháite agus na n-uirlisí faisnéise eile, agus leas a bhaint as Copernicus freisin, cosúil leis an tseirbhís a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil do EU Navfor.

**Tuilleadh seirbhísí faisnéise a chur ar fáil chun cabhlach trádála AE ar fud an domhain a chosaint**





Is gné thábhachtach cheana féin í an Chibearshlándáil chun longa a oibriú go sábháilte chomh maith le gnéithe 'traidisiúnta' amhail gné an duine, caighdeáin sábháilteachta agus bainistiú sábháilteachta. Ba cheart go gcuideodh EMSA le malartú cleachtas atá bunaithe ar fhaisnéis, le feasacht a spreagadh agus cur leis an gcumas aghaidh a thabhairt ar an riosca sin sa chomhthéacs seo, i gcomhréir le tionscnaimh a bhfuil IMO ina mbun (treoir IMO) agus i gcomhar le ENISA agus le gníomhaireachtaí eile iompair agus b'fhéidir le tionscail freisin.

**Ardán a chur ar fáil chun dea-chleachtais a mhalartú agus comhar trasearnála maidir leis an gcibearshlándáil don bhraisle mhuirí a áirithiú**

Is léir go bhfuil imní ann maidir leis an gcibearshlándáil ar leibhéal córais agus oibríochtaí EMSA. Ní mór bearta iomchuí a dhéanamh ar leibhéal na Gníomhaireachta chun feidhmchláir EMSA a chosaint maraon le sreatha faisnéise eile agus seirbhísí faisnéise eile, amhail misin RPAS. Ní mór bearta maidir leis an gcibearshlándáil a choinneáil agus, i gcás gréasán amhail SafeSeaNet, ní mór do Bhallstát a bhfuil nasc acu le chéile bearta comhchosúla a dhéanamh. Leis sin, ba cheart do EMSA cúnamh a thabhairt do Bhallstáit bearta leordhóthanacha slándála a áirithiú i ndáil le gréasáin chomhchoitianta.

**Réitigh daingne a fhorbairt chun a feidhmchláir mhuirí agus a seirbhísí faisnéise a chosaint**

Is seanbhunaithe ról na Gníomhaireachta maidir le straitéis AE i dtaobh na slándála muirí. I bhfianaise na nithe seo a leanas: cúraimí na Gníomhaireachta i ndáil le comhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta; an freagairt ar an ngéarchéim shlándála agus imirce; céim idirthréimhseach CISE (Timpeallacht Comónta um Chomhroinnt Faisnéis i réimse muirí AE), agus ag cur leis na cúraimí sin, beidh deiseanna breise ann chun breisluach EMSA a léiriú agus chun leas a bhaint as na huirlisí atá ann faoi láthair chun tacú le pobal níos leithne fós.

**Rannpháirtíocht bhreise mar chomhpháirtí teicniúil gus oibríochtúil i bhfianaise straitéis AE maidir leis an tslándáil mhuirí**

## 3.4 SIMPLIÚ

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH**

**Simpliú loingseoireacht AE a éascú trí thacú le réitigh dhigiteacha mhuirí ar fud an Aontais**

Ar na himthosca a dhéanann díobháil d'éifeachtúileacht na muirtráchta agus an muiriompair tá na riachtanais riaracháin ar faoina réir atá longa a iompraíonn earraí nó paisinéirí ag gach calafort cuarda. Beidh só-thuras níos gasta mar thoradh ar thuairisciú comhchuibhithe a chinntiú agus ar fhaisnéis a úsáid arís agus an fhaisnéis sin a aistriú go dtí an chéad chalafort cuarda eile. Ba cheart don Ghníomhaireacht feidhmchláir ina mbeidh sonraí oscailte a fhorbairt chun leasa an bhraisle mhuirí.

Tabharfaidh EMSA cúnamh don Choimisiún agus do na Ballstáit chun cur chun feidhme an Rialachán lena mbunaítear Ionad Ilfhreastail Eorpach Muirí (EMSW) a éascú agus chun foirmiúlachtaí tuairiscithe a shimpliú, a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú. Leanfaidh EMSA de chur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna i gCóras Faireacháin agus Faisnéise um Mhuirthrácht (SafeSeaNet) AE agus d'fheabhas a chur ar na bhfeidhmeanna sin.

Ní mór dul i ngleic leis an idir-inoibritheacht idir raon na gcóras chun sonraí a tharchur agus raon na gcóras tuairscithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Tabharfaidh EMSA tacaíocht laistigh de chreat na timpeallachta EMSW.

**Tacú le foirmiúlachtaí tuairiscithe a shimpliú a thuilleadh, a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú**

---

Ba cheart do EMSA tacú le haistriú earnáil mhuirí an AE chuig timpeallacht gan pháipéar. Déanfar THETIS a fheabhsú chun na tacair ábhartha sonraí agus deimhnithe ábhartha leictreonacha a chur ar fáil, lena n-áirítear deimhnithe STCW agus mar sin de obair na mBallstát ina gcáil mar Bhratstáit agus mar Stáit an Chalafoirt a éascú. D'fhéadfaí, ach go háirithe, maidir le hobair cigirí PSC ar bord, díriú ar na cigireachtaí is práinní agus na seiceálacha doiciméadacha go léir a bheith déanta tríd an ardán iontaofa arb é THETIS. Feicfear leis le fóram a bhunú lena dtabharfar deiseanna rialta do na páirtithe leasmhara éagsúla chun dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt.


**Tacú le haistriú earnáil mhuirí an AE chuig timpeallacht gan pháipéar lena n-áirítear deimhnithe leictreonacha**

---

Chun ionad ilfhreastail a bhaint amach, ní mór go mbeadh níos mó i gceist le próiseas an digitithe agus an chomhtháthaithe ná foirmiúlachtaí tuairiscithe maidir le longa agus aistriú faisnéise 'go comhthreomhar' ó chalafort go calafort nó ó longa go calafoirt. Ba cheart go bhféadfaí mionscagadh a dhéanamh amach anseo ar na próisis chomharsanacha, ach go háirithe ar mhionshonraí maidir le longa agus maidir le calafoirt, agus faisnéis a úsáid arís agus a bhogadh ar aghaidh chun na próisis sin a éascú.

Go fadtéarmach, beidh ról tábhachtach ag EMSA chun go mbeidh sé níos éasca seirbhísí calafoirt a bharrfheabhsú chun gur éifeachtúla a dhéanfar iad agus chun an tionchar a bhíonn ag oibríochtaí loingseoireachta ar an gcomhshaol a laghdú. Ag tarraingt ar an bhfaisnéis atá ag EMSA maidir le suíomh soithigh, agus ar uirlisí nua (néaluirilisí agus measainfhoghlaim), d'fhéadfaí faisnéis a mbeidh níos oiriúnaí fós a ghiniúint ar mhaithe le laghdú meán-amanna feithimh sular féidir cuairt a thabhairt ar chalafort (ag cuaillí feistithe mar shampla), am teachta agus aga athluchtaithe longa a thuar níos fearr, ar nithe iad uile a chuirfidh le héifeachtúileacht lóistíochta.

**Éascú maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht iomlán na loingseoireachta san Eoraip nuair is féidir sin**



## 3.5 FAIREACHAS

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH**

**Cur le ról EMSA mar an mol um fhaisnéis bhunúsach a bhainistiú don fhaireachas muirí**


Seasann EMSA 'faire' don Aontas anois tríd an bunchoincheap maidir le córas faireacháin agus faisnéise i dtaca le muirthrácht an Chomhphobail a bheith curtha chun feidhme go héifeachtúil aige, ar córas é a chuirfeadh le sábháilteacht agus éifeachtacht na muirtráchta, a chuirfeadh feabhas ar an bhfreagairt ar theagmhais, ar óspairtí, agus ar dhálaí ar muir a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, trí rannchuidiú níos fearr a dhéanamh maidir le truailliú ó longa a chosc agus a bhraith - agus tacaíocht ar chéim is airde bainte amach aige do Stáit cósta. Ag tógáil di ar a cuid infheistíochtaí i gcrua-earraí, i mbogearraí agus sa bhfaisnéis, tá de chumas ag EMSA anois go leor braiteoirí éagsúla sonraí agus seirbhísí a chumasc agus creat muirí atá saibhir agus comhtháite a chur ar fáil. I dteannta an méid sin, is tábhachtach Seirbhís faireachais mhuirí Copernicus lenar leathnaíodh bunachar úsáideoirí EMSA agus beidh sé mar bhunchloch d'fhaisnéis maidir le faireachas sna blianta atá romhainn. Ar na huirlisí faireachais sin, is é an córas aerárthaí cianrialaithe (RPAS) an ceann is deireanaí, ar córas é lena gcuirtear leibhéal faireachais is iomláine ar fáil maidir le farraigí.

Is í an Ghníomhaireacht is mó, trí bhíthin seirbhísí muirí comhtháite, a fhreastalaíonn ar réimse muirí na hEorpa sa lá atá inniu ann, agus í ag freastal ar líon a d'fhéadfadh a bheith gan teorainn de ghníomhaithe mhuirí agus de dhaoine nach iad, mar shampla lucht forfheidhmithe dlí agus lucht slándála nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais. Cé go bhfuil cuid den eolas sin faoi rún d'fhéadfaí cuid eile a chur ar fáil don phobal.

Maidir le SafeSeaNet, an t-ainm a bheir an bunchoincheap, tá ról lárnach aige fós madir le faisnéis i dtaca le muirthrácht san AE chun tacú lena sláine agus a héifeachtúileacht. Leanfar de feabhas a chur ar an gcóras mar fhreagairt ar riachtanais na n-úsáideoirí agus ar fhorbairtí teicneolaíocha.

**Leanúint d'fheabhas a chur ar chóras faireacháin agus faisnéise maidir le muirthrácht an Aontais ó thaobh feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht de.**





Maidir le teicneolaíochtaí nua ar féidir leo acmhainn faireacháin AE a fheabhsú, tá EMSA ag féachaint anois ar féidir úsáid a bhaint as an gcóras VDE (Malartú Sonraí VHF) don chumarsáid idir muir is tír. Cuirfear cumhdach domhanda ar fáil leis an gcumarsáid satailíte. Is féidir leas a bhaint freisin as an dtul-chóras seo, atá bunaithe ar an gcumarsáid satailíte, i ndáil le seirbhís cuardaigh agus tarrthála, le malartú pleananna aistir agus le faisnéis maidir leis an aimsir iarbhír agus maidir le leac oighir.

Tá an Ghníomhaireacht ag coimeád suas le forbairtí teicneolaíocha i réimsí éagsúla, forbairtí ar de chineál réamhoibríochtúil iad agus a d'fheadfadh na Ballstáit nó an Coimisiún suim a chur iontu. Sa mhéid a bhaineann le cúrsaí mara de mar shampla, tá an Ghníomhaireacht ag déanamh fiosraithe maidir le buíon satailítí nua agus maidir le brathadóirí nua chun breis sonraí agus foinsí maidir le faisnéis longa a ghnóthú (e.g. brath sínithe radar, súd-satailítí mórairde, etc.). Is tábhachtach an ghníomhaíocht sin chun go mbeidh EMSA chun tosaigh maidir le seirbhísí nua a chur ar fáil do na Ballstáit, ar seirbhísí iad nach mbeadh ar fáil seachas sin ar an leibhéal náisiúnta.

**Faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí a bhfuil dealramh maith orthu agus leas a bhaint astu le haghaidh seirbhísí nua do na Ballstáit agus don Choimisiún**

---

Chun leas níos mó a bhaint as an bhfaisnéis a chruinnigh an Ghníomhaireacht le cúig bliana déag anuas, d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an meaisínfhoghlaim agus ar anailísiú faisnéise le hintleacht saorga chun cuidiú le Ballstáit maidir le raon leathan cúraimí, ó staidreamh maidir le longa go láithreacha íogairí ina gcuid farraigí ó thaobh an chomhshaoil agus na sábháilteachta de, agus suíomh longa do bheith á dtuar anois nó go luath amach anseo, feabhas a chur ar scagadh soithigh lena mbaineann, ABM, etc. Ba cheart forbairt agus oibriú na bhfeidhmiúlachtaí nua seo a cheapadh agus a mhionchoigeartú i ndlúthpháirtíocht leis na húsáideoirí i mBallstáit.

**Meaisínfhoghlaim agus feidhmchláir intleachta saorga a fhorbairt chun gur fearr a mbeidh measúnú riosca, intuarthacht maidir le suíomh soithigh, staidreamh agus an nuálaíocht**

---

Agus leas á bhaint aige as taithí EMSA ar an bhfaireachas, is é sin, ar shonraí maidir le cúrsaí muirí a bhailiú, a phróiseáil, a chumaisc, a chomhtháthú, a chlaochlú agus a chuíoiriúnú, tá an Ghníomhaireacht ag tacú anois le forbairt CISE, timpeallacht comónta um chomhroinnt faisnéise, lena gcuirtear leis an gcumas a chinntiú go mbeidh pobail cois cósta agus pobail intíre níos feasaí ar dhálaí. Mar sin de, cuirfidh an Ghníomhaireacht leis an ról agus an próifíl atá aige i réimse an fhaireachais agus b'fhéidir gur fearr fós a mbeidh cúrsaí muirí nuair a bheidh an chéim oibríochtúil sroichte ag CISE.

**Leas a bhaint as saineolas maidir le faireachas chun caidreamh níos mó a fhorbairt le lucht faireachais an Aontais i gcoitinne chun leasa na seirbhísí muirí agus chun breisluach a chur leis an AE**

---



Bhi cuardach agus tarrtháil (SAR) ar cheann de phríomh-chuspóirí a bhí luaite le SafeSeaNet ón tús: feabhas a chur ar an bhfreagairt "ar theagmhais, ar óspairtí, agus ar dhálaí ar muir a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, lena n-áirítear oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála". D'fhéadfadh EMSA rannchuidiú leis an méid sin trí fheabhas a chur le hoiliúint agus le cleachtaí ar uirlisí faisnéise a mbeidh curtha in oiriúint agus ar an gcumas tógála.

Cuireann An Ghníomhaireacht feidhmiúlacht SARSURPIC (Search and Rescue Surface Picture) ar fáil dóibh siúd a úsáideann Faireachas Muirí Comhtháite. Is féidir leis an nGníomhaireacht, in idirphlé leis na húsáideoirí, fiosrú a dhéanamh i dtaobh arbh fhéidir feidhmiúlachtaí eile a chur ar fáil i gcásanna SAR. Ina theannta sin, d'fhéadfaí nós imeachta oibriúcháin a fhorbairt chun leas níos fearr a bhaint as seirbhísí RPAS de chuid EMAS le haghaidh misin Bhallstáit maidir le cuardach agus tarrtháil. Féachfaidh an Ghníomhaireacht chuige go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí i ndáil le híomhánna satailíte chun tacú le hiarrataí le haghaidh chuardaigh agus tarrthála (ordúchán éigeandála) agus go ndéanfar na hamanna freagartha ar na hordúcháin sin a ghiorrú.

D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht rannchuidiú freisin le hoiliúint, treoir agus cleachtaí boird, agus saineolaithe teicniúla ó na Ballstáit a thabhairt le chéile chun an bealach is fearr a shainaithint don Ghníomhaireacht chun tacú ar an leibhéal náisiúnta le pleanáil, comhar agus oibríochtaí maidir le cuardach agus tarrthála.


## Tacú le hiarrachtaí cuardaigh agus tarrthála Bhallstáit




Is léir ó na figiúirí go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a úsáideann feidhmchláir mhuirí EMAS gur spéis leo sonraí maidir le suíomh soithigh. Tá fáil níos mó anois do shoithigh ar shonraí stairiúla maidir le suíomh agus ar shonraí cothrom le dáta maidir le suíomh. Is mian le húsáideoirí rochtain a fháil ar shonraí fíor-ama le huirlisí a chuidíonn chun na sonraí sin a bhainistiú agus chun anailís a dhéanamh orthu. Chun seirbhísí ardfheidhmíochta a choimeád, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht seirbhísí néil a sholáthair chun freagairt is mó a dhéanamh ar an méadú ar líon na n-úsáideoirí, na sonraí agus na seirbhísí. Is teoranta na teicneolaíochtaí a úsáidtear faoi láthair.

Le seirbhísí néil is fusa a mbeidh sé leathnú a dhéanamh agus freagairt ar aon mhéadú a thiocfaidh ar thoirt nó ar fheidhmíocht na faisnéise. Ní mór an méid sin a bheith ann sular féidir glúin nua seirbhísí a chur ar fáil ar a bhféadfar a áireamh: seirbhísí gnó-is-riaracháin, deimhnithe leictreonacha, an mheaisínfhoghlaim agus an intleacht saorga, mar a mhínítear a thuilleadh faoi phointí eile den straitéis.

## Cúrsaí muirí a aistriú chuig an néal agus breisluach néalseirbhísí eile a iniúchadh


5 km





CAIBIDIL 4

# CUR CHUIGE AGUS FÉINIÚLACHT EMSA



## 4.1 RÓIL AGUS GAOIL SAN EARNÁIL

Ar leibhéal cothrománach, agus sa mhéid a bhaineann leis na cúig tosaíocht straitéiseacha, ba cheart do EMSA an gaol atá aici le páirtithe leasmhara agus an próifíl atá aici san earnáil mhuirí a mhúnlú ar bhealach a fhágfaidh go dtacófar leis na tosaíochtaí straitéiseacha a leagadh amach sa roinn roimhe seo agus gur fearr a chomhlíonfaidh sé a mhisean. D'fhonn an méid sin a bhaint amach rinneadh ceithre ról straitéiseach trasnaí a shainaithint maraon leis na cuspóirí straitéiseacha trasnaí a ghabhann leo.


Is é an misean lárnach atá ag EMSA cuidiú le Ballstáit agus leis an gCoimisiún beartas AE a chur chun feidhme. Ag gníomhú di mar sholáthraí seirbhíse don dhá phríomh-pháirtí leasmhara sin féachfaidh ELSA le feabhas a chur ar an gcúnamh sin trí nua-sheirbhísí comhdhlúite a mbeidh bunaithe ar thaithí cúig mbliana déag.   Téann EMSA, ina cáil mar chomhpháirtí iontaofa de chuid eintitis éagsúla an Aontais agus sa bhraisle mhuirí Eorpach,  i gcomhar freisin le páirtithe leasmhara éagsúla.  Tá sé de chumas ag an nGníomhaireacht réitigh AE a easpórtáil lasmuigh den Aontas agus d'fhéadfadh sí a bheith ina heiseamláir idirnáisúnta níos fearr fós agus í ag tacú le haidhmeanna agus le leasanna an Aontais. Ar deireadh, is é bunús gach ((idir) gnímh an fios gnó; ní mór go mbeadh EMSA bunaithe go dlúth ar an eolas, ar an teicneolaíocht agus ar an nuálaíocht.

## EMSA MAR SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSE

### Déanamh agus forfheidhmiú dlíthe

Is riachtanach an cúnamh teicniúil a thugann EMSA don Choimisiún agus bhí  sé ar cheann de phríomh-chúraimí na heagraíochta nuair a bunaíodh í sa bhliain 2002. Ag feidhmiú di le breis is cúig bliana déag, is cuimsitheach an taithí agus an saineolas atá cruinnithe aici ina réimsí inniúlachta. Cuirfidh an Ghníomhaireacht dlús le hiarrachtaí a heolas a chur chun tairbhe d'fhonn tacaíocht don Choimisiún a bharrfheabhsú i dtaca lena chuid oibre ullmhúcháin chun reachtaíocht a fhorbairt agus a nuashonrú, lena n-áirítear bearta cur chun feidhme.  Ba cheart go mbeadh timthriallta cuairteanna i bhfoirm anailíse comhthreomhair ar cheann de na príomhfhoinsí faisnéise. Mar a luaitear i roinn 3.2, is féidir le EMSA ardán faoi leith don phlé theicniúil a chur ar fáil agus an tuiscint fhrithpháirteach agus cóineasú tuairimí Bhallstáit a éascú, agus ar an gcaoi sin tacú leis an gCoimisiún i ndáil le reachtaíocht AE a thionscnamh agus i ndáil le comhordú maidir le beartas idirnáisiúnta agus forbairt reachtaíochta.

**Tacaíocht EMSA don Choimisiún a neartú maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais agus gníomhartha dlí idirnáisiúnta a fhorbairt agus maidir lena gcur chun feidhme a mheas**



## Foghlaim

Tá foghlaim agus forbairt ghairmiúil ríthábhachtach chun tacú le scileanna nua a theagasc do shaineolaithe Bhallstáit agus do ghníomhairí ar an dtalamh agus chun a n-acmhainn siúd a neartú. Seimineáir, ceardlanna, seimineáir ghréasáin agus laethanta faisnéise mar aon le huirlisí agus gníomhaíochtaí ar líne, d'fhéachfaí leis na nithe sin le tacú leis an bhforbairt ghairmiúil agus le conair cáilíochtaí, agus leas á bhaint as an saineolas agus as an bhfios gnó faoi leith atá ag an nGníomhaireacht. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cur chuige modúlach a ghlacadh maidir leis an oiliúint agus maidir leis an bhforbairt ghairmiúil, ag tacú di leis na húdaráis inniúla agus forbairtí eile AE á gur san áireamh, amhail an Creat don Cháilíocht Earnála chun oiliúint a chur ar chigirí na mBratstát, ar oifigigh Rialaithe Stáit ar Chalafoirt, ar oifigigh um Chaomhnú Comhshaoil, foirne cuardaigh agus tarrthála, foirne VTMIS, agus a leithéid.

Beidh teicneolaíochtaí nua ina dtaca ag an gcoincheap nua agus leas á bhaint as an gCianfhoghlaim agus as an Réaltacht Fhíorúil, agus ar an dóigh sin tacófar le riachtanais Bhallstáit maidir leis an oiliúint agus leis an bhforbairt ar acmhainní.


### Scéimeanna oiliúna EMSA a chur ar bhonn foirmiúil agus cur leo




Cúrsa oiliúna maidir le réiteach do scéim EMI um Iniúchadh ar Bhallstáit (IMSAS). 20 Samhain 2019



Príomh-scileanna a bhaineann le himscrúdú tionóiscí, 27 Meitheamh 2019






## An t-aistriú ó shonraí go faisnéis is ón bhfaisnéis chun feasa

An t-aistriú ó bhainistiú sonraí go bainistiú faisnéise, uirlisí nua a chruthú chun anailís a dhéanamh ar shonraí. Tá an Ghníomhaireacht i mbun tacair ar mhórán sonraí a chruinniú i réimsí éagsúla muirí.  Le huirlisí atá bunaithe go páirteach ar an measainfhoghlaim, is féidir breis faisnéise agus seirbhísí díorthaithe a bhaint as an bhfaisnéis atá ann cheana féin chun leasa na mBallstát agus an Choimisiúin.

Bainfear leas as sonraí maidir le  himscrúdú taismigh ón Ardán Faisnéise maidir le Taismigh (EMCIP) agus ó fhoinsí eile atá ar fáil chun cuidiú le hanailís a dhéanamh ar an tsábháilteacht agus le réimsí riosca a shainaithint, agus le forbairtí beartais agus reachtaíochta.

Ba cheart bainistiú agus anailís atá níos idirghníomhaí agus níos comhtháite a dhéanamh ar na sonraí atá ann cheana féin chun leasa páirtithe leasmhara EMSA. Mar shampla, d'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar na sonraí go léir  atá ar fáil agus iad a chumasc chun go mbeidh faisnéis ar fáil do longa i dtimpeallacht amháin ach cliceáil ar íomha na loinge sin ar scáileán.

Treochtaí, rioscaí, ceachtanna agus feabhsuithe maidir le cur chun feidhme agus maidir leis an reachtaíocht a shainaithint. Céim chun tosaigh, más beag féin í, is iad na léarscáileanna de dhlús tráchta agus uirlisí Uirlisí Monatóireachta ar Iompar Uathoibrithe (ABM). Is féidir tuilleadh a bhaint amach i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Fearacht mar a rinneadh chun láithreacha íogairí muirí in uiscí na hEorpa a shainaithint, is féidir é seo a dhéanamh freisin maidir le sceitheadh d'aon toil ar muir, maidir le treochtaí i gcineálacha áirithe muirthráchta, maidir le patrúin tráchta nó patrúin iompair ar muir a shainaithint, maidir le ABM comhnascaithe chun soithigh lena mbaineann a shainaithint, agus maidir le foláirimh chuíoiriúnaithe chun obair na n-údarás garda cósta a éascú.

Ina theannta sin, beidh de chumas ag an nGníomhaireacht, trí thairseach nua DONA, staidreamh agus treochtaí a chur ar fáil go rialta, ar staidreamh agus treochtaí iad a mbeidh dírithe ar riachtanais na mBallstát, chun tacú leo ina gcáil mar Bhratstáit, mar Stáit an Chalafoirt agus mar Stáit cósta.

**Cur le seirbhísí faisnéise chun anailís a dhéanamh ar shonraí agus chun treochtaí agus rioscaí a shainaithint d'fhonn tacú leis an tsábháilteacht, leis an tslándáil agus leis an inbhuanaitheacht**

## EMSA MAR CHOMHPHÁIRTÍ IONTAOFA

### Comhar idir na Gníomhaireachtaí maidir le feidhmeanna garda cósta

Leas a bhaint as neart EMSA ó thaobh faisnéis mhuirí, saineolas muirí agus cúrsaí muirí ina iomláine de agus comhar garda cósta á fhorbairt. Déanfaidh EMSA a ról mar cholún an chomhshaoil, na slándála muirí agus na sábháilteachta muirí a dhaingniú i gcreat an chomhair idirghníomhaireachta maidir le feidhmeanna garda cósta. Agus méadú tagtha ar líon na dtionscnamh trasearnála arna bhforbairt ag na trí ghníomhaireacht leanfaidh EMSA, in éineacht le Frontex (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta) agus le EFCA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach), de dhlúthchomhar idir na húdaráis ábhartha náisiúnta a bhfuil feidhmeanna garda cósta de chúram orthu a chur chun cinn. Déanfar freastal ar phobal níos leithne le raon táirgí agus seirbhísí lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, acmhainní faireachais, anailís riosca agus forbairt acmhainní. Ba cheart don Ghníomhaireacht an líon cliant atá aige a mhéadú trí fhreastal ar níos mó agus níos mó nua-údaráis san AE agus níos faide ó bhaile (mar shampla, an coincheap 'feidhmeanna garda cósta' a leathnú go dtí tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa).

**Rannpháirtiú leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach chun an comhar Eorpach a fhorbairt maidir le feidhmeanna garda a fheabhsú**




Ócáid bhliantúil an Gharda Cósta Eorpaigh, 15-17 Aibreán 2019 - An Pholainn

## Tionsclaíocht

Leanúint ar fhorbairtí réamhoibríochtúla arna bhforbairt ag tionscail agus iad a thiontú go seirbhísí le haghaidh Bhallstáit, i gcás ina mbeidh siad ábhartha. D'oibrigh sé sin i gcás SAT-AIS agus tá deiseanna nua ar na bacáin (e.g. córas Malartaithe Sonraí VHF VDES). D'fhéadfaí modúil áirithe ón ardán ríomhfhoghlama, faoi mar a rinneadh roimhe seo i gcás an mhodúil maidir le 'Feasacht a spreagadh maidir leis an gcibearshlándáil mhuirí', a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus do pháirtithe leasmhara éagsúla, nuair is féidir agus is ábhartha sin.

**Rannpháirtiú leis an tionsclaíocht chun aistriú faisnéise agus feasa a chothú agus comhairle theicniúil neamhthráchtáil a sholáthar maidir le cúrsaí mara**

## Bearta arna maoiniú faoi thogra

Tá EMSA ag dul i bpáirtíocht le níos mó agus níos mó gníomhaithe sa réimse muirí ina iomláine trí bhearta éagsúla. Is 'Bearta arna maoiniú faoi thogra' cuid mhór de na bearta sin agus comhaontuithe le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus socruithe ar leith maidir le hacmhainní is bun leo. Is gnách na bearta sin a bheith tógtha ar an bhfios gnó, na huirlisí agus na seirbhísí atá ag an nGníomhaireacht cheana féin chun breisluach a thabhairt do na heintitis AE agus do na pobail AE, agus chun gur féidir go ndéanfaí tairiscint na Gníomhaireachta dá príomh-pháirtithe leasmhara a chomhlánú nó a fheabhsú, mar shampla go díreach le foinsí breise sonraí nó go hindíreach trí rannchuidiú le timthriall nuálaíochta agus feabhsuithe a d'fhéadfadh leasanna a bheith mar thoradh air amach anseo. Le comhar den sórt sin cuidítear le sineirgí a chruthú agus le dúbailt iarrachtaí a sheachaint. Ar na bearta arna maoiniú faoi thogra faoi láthair tá SLA Frontex, SLA EFCA, Seirbhís Faireachais Mhuirí Copernicus, THETIS-MRV, THETIS-EU (Modúil an tSulfair), an Tionscadal Idir-inoibritheachta agus céim idirthréimseach CISE.

**Sineirgí a chothú le gníomhaireachtaí comhlánacha eile de chuid an Aontais d'fhonn breisluach a thabhairt don AE**

## Ó theorainneacha go himchuacha agus réigiúin

Bíonn tionchar ag tíortha neamh-AE a roinneann imchuach farraige le tíortha AE, ar shábháilteacht agus ar inbhuanaitheacht na n-imchuacha sin. Rannchuidíonn EMSA i gcomhthéacs sásraí faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa le leibhéal an chomhlíonta ar rialacha idirnáisiúnta agus le hacmhainní a fhorbairt sna tíortha sin, agus ar an dóigh sin tacaíonn sé le muiriompair is sláine agus is glaine ar fud an AE. Leanfar den tiomantas seo agus táthar ag súil le leathnú a dhéanamh ó thaobh cumhdaigh agus raon de, lena n-áirítear trí chur chuige i dtaca le himchuacha agus trí chomhar bhreisithe leis na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha ar mhaithe le cosaint chomhshaoil mhuirí agus cósta sa cheithre réigiún muirí ar fud na hEorpa

**Tacú le beartais an AE maidir le comharsanacht agus maidir leis an imchuach farraige chun caighdeáin a chomhchuibhiú ina leith**

# EMSA MAR EISEAMLÁIR IDIRNÁISÚNTA

## Eagraíochtaí idirnáisiúnta agus beartas seachtrach

Comhar breisithe le IMO, WMU, ILO, IALA. Trí shaineolas teicniúil a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit sna heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta, is féidir le EMSA feabhas breise a chur ar rannchuidiú AE do loingseoireacht atá slán, sábháilte agus inbhuanaithe.

Agus breis cáil uirthi i gcónaí mar ghníomhaí sa réimse mhuirí idirnáisiúnta, ba cheart don Ghníomhaireacht a caidreamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta amhail IMO, ILO agus WMU etc. a fheabhsú i ndáil, ach go háirithe, le hacmhainní a fhorbairt.

Iniúchadh a dhéanamh maidir le roghanna chun rannchuidiú le tionscnaimh a mbeidh dírithe ar an gcomhar um fhorbairt . D'fhéadfadh sábháilteacht agus cosaint na muirthimpeallachta a bheith ina n-ábhair do thionscnaimh dhírithe in éindí le tíortha a bhfuil beartas AE ann dóibh chun tacú le creat an chomhair maidir le forbairt agus is féidir go mbeadh an Ghníomhaireacht ina chomhpháirtí teicniúil chun tacú leis na bearta sin.


**Tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a neartú áit gur féidir le EMSA breisluach a thabhairt do bheartas eachtrach an Aontais**



Ócáid bhliantúil an Gharda Cósta Eorpaigh, 15-17 Aibreán, 2019 - An Pholainn


Dara Tionól Domhanda an Gharda Cósta, 20-21 Samhain 2019 - Tóiceo, an tSeapáin

## EMSA MAR MHOL FEASA





### Sonraí oscailte

Trí chineálacha nua faisnéise agus bealaí nua chun faisnéis a phróiseáil agus a chur i láthair a chur léi, agus rochtain ar fhaisnéis a sholáthar do níos mó úsáideoirí sa réimse rialtais agus i réimsí eile. Go hiondúil, déanann rialtais sonraí oscailte a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, sampla AE de seo is ea beartas sonraí oscailte Copernicus. Luathshampla de bheart de chuid EMSA a théann níos faide ná tacaíocht do thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún is ea THETIS-MRV lena dtugtar uirlis maidir le tuairisciú don tionsclaíocht agus don phobal. Tá plé ann faoi láthair maidir le Public Maritime Picture (PMP) a bhunú. Níl aon chosúlacht ann go bhfuil aon mhaolú ar an treocht seo agus mar sin de ba cheart go gcuirfí de chumas ar an nGníomhaireacht seirbhís den sórt sin a chur ar fáil.

**Mol lárnach faisnéise maidir ie réimse mhuirí an AE agus pointe rochtana le haghaidh sonraí oscailte a chur ar fáil.**

### Taighde

Leanfaidh EMSA d'fhaisnéis theicniúil a fhorbairt i réimsí na sábháilteachta, na slándála, na haeráide agus an chomhshaoil. Ba cheart don Ghníomhaireacht tacú le malartú faisnéise maidir le taighde ar chúrsaí muirí a thagann faoina sainordú san AE agus ar leibhéal domhanda. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh leanúnacha agus d'fhéadfaí ócáidí a eagrú go rialta mar dheis do pháirtithe leasmhara teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú. Ar an dóigh sin, beidh an Ghníomhaireacht in ann tacú lena páirtithe leasmhara agus iad ag iarraidh forbairtí a leanúint agus breisluach a chruthú trí mhalartú faisnéise a éascú.

**Tacú leis an nuálaíocht agus le forbairt teicneolaíochtaí nua**





## 4.2 FÉINIÚLACHT EAGRAÍOCHTA

Cur chun feidhme prionsabail bhainistithe atá éifeachtach, trédhearcach, SMART, dírithe ar chliaint agus cothrom ó thaobh inscne de.

Éilíonn na tionscnaimh agus na cúraimí a luaitear thuas eagrúchán dinimiciúil agus solúbtha chun dul i dtaithí ar na dúshláin atá luaite againn cheana.

Leanfaidh saineolas foireann EMSA de bheith taobh thiar de seirbhísí ar leith, cúnamh theicniúil agus tacaíocht do sholáthar dá phríomhpháirtithe leasmhara. Agus ar an gcaoi sin, féachfaidh sé le heagraíocht ní b'éifeachtaí agus ní ba ghlaise fós a bhaint amach, agus an méid sin i dtaca le próisis inmheánacha agus leis an gcaidreamh atá aige le geallsealbhóirí seachtracha araon.

Is trí úsáid níos mó a bhaint as tascfhórsaí chun scileanna sonracha na Gníomhaireachta a chur chun tairbhe chun an toradh is fearr a fháil a mbéifear in ann dul i ngleic le héagsúlacht agus le castacht na gceisteanna a thagann chun cinn gach lá, éagsúlacht agus castacht atá ag dul i méid. Mar aon leis an méadú ar leibhéal an digitiú, cuirfidh sé seo de chumas ar EMSA bheith níos solúbtha agus é féin á chur in oiriúint do thimpeallacht oibre na todhchaí.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis bearta a ghlacadh freisin chun an chothromaíocht inscne a mhéadú chun go mbeidh deiseanna comhionanna chun tosaigh i dtimpeallacht EMSA.



Ghlac foireann EMSA páirt i nglantachán trá ar fud an AE, 20 Meán Fómhair 2019

**© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí 2020**

**Grianghraif ó:** Monty Rakusen/GettyImages.com; Travel mania /shutterstock.com; jorisvo/shutterstock.com; Anton Balazh/shutterstock.com; corlaffra/shutterstock.com; EpicStockMedia/shutterstock.com; donvictorio/shutterstock.com; Oleksandr Kalinichenko/shutterstock.com; symbiot/shutterstock.com; tonton/shutterstock.com; T-Design/shutterstock.com; rasti sedlak/shutterstock.com; Peter Krocka/shutterstock.com; AlexKolokythas/shutterstock.com; Ververidis Vasilis/shutterstock.com; Photomarine/shutterstock.com; jirapong/shutterstock.com; ImmersionImagery/shutterstock.com; Aytug askin/shutterstock.com; Zerocreatives/iStock.photo.com; Copernicus Sentinel data(2019); Igor Kardasov/shutterstock.com; mkos83/iStock.photo.com; Foireann EMSA.






# MAIDIR LEIS AN GNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ar cheann de ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh. Is é misean na Gníomhaireachta, atá lonnaithe i Liospóin, leibhéal ard sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú agus chun freagairt den leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola. Tá sé mar chuspóir foriomlán aici earnáil mhuirí atá slán, glan agus inmharthanach ó thaobh eacnamaíoch a chur chun cinn san AE.



emsa.europa.eu

**Téigh i dteagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil**


**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**
Praça Europa 4
Cais do Sodré
1249–206 Lisboa
An Phortaingéil

Teil +351 21 1209 200 / Facs +351 21 1209 210
emsa.europa.eu / Twitter@EMSA_Lisbon